AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.5.2025
COM(2025) 229 final

2025/0108 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/823 an 28 Feabhra 2024 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá bainteach leis

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Deonaíodh bearta trádála uathrialacha (BTUnna) do na Balcáin Thiar ó bhí 2000 ann, fiú sular tugadh na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCCanna) i gcrích leis na comhpháirtithe ó na Balcáin Thiar. An tráth sin, chinn an Chomhairle Eorpach[1] gur cheart go mbeadh na comhpháirtithe ó na Balcáin Thiar ag baint leas as léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach ionas gur féidir leis an réigiún tairbhe a bhaint as rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais fad a bhí na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais á gcaibidliú agus á gcur chun feidhme.

Idir an dá linn, tá comhpháirtithe uile sa réigiún i ndiaidh Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a shíniú leis an Aontas. Tháinig an ceann is deireanaí leis an gCosaiv[2] i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016 agus tá sé curtha chun feidhme go hiomlán ón 1 Eanáir 2025, nuair a tháinig deireadh leis an idirthréimhse. Tar éis Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais na mBalcán Thiar a thabhairt i gcrích, tá na BTUnna laghdaithe de réir a chéile de réir mar a aistarraingíodh na fabhair aontaobhacha de réir a chéile agus de réir mar a áiríodh iad sna Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais déthaobhacha faoi seach. Cumhdaítear leis na BTUnna atá ann faoi láthair dhá thairbhe atá fós ann: ar an gcéad dul síos, fionraíocht na ndleachtanna sonracha le haghaidh gach toradh agus glasra atá faoi réir chóras an phraghais iontrála, agus ar an dara dul síos, an rochtain ar tharaif-chuóta iomlán d'fhíon atá ar fáil ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce a luaithe atá an cuóta náisiúnta ídithe acu ina gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais féin.

D'ainneoin raon feidhme teoranta na BTUnna, tá siad tábhachtach go fóill. Ar an gcéad dul síos, tá táirgeoirí talmhaíochta an réigiúin ag brath orthu go leanúnach le beagnach 25 bliana anuas. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht lánpháirtiú níos dlúithe na mBalcán Thiar isteach i margadh aonair an Aontais mar thosaíocht de chuid an Choimisiúin sa Phlean Fáis Nua do na Balcáin Thiar, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 8 Samhain 2023[3]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leanúint de thacaíocht a thabhairt do gheilleagair leochaileacha an réigiúin trí shíneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/823 ('an Rialachán')[4] ar feadh 5 bliana eile tar éis dó dul in éag an 31 Nollaig 2025.

---

1 Conclúidí an chruinnithe speisialta den Chomhairle Eorpach an 23–24 Márta 2000 i Liospóin: '47. Deimhníonn an Chomhairle Eorpach gurb é is cuspóir foriomlán leis tíortha an réigiún a lánpháirtiú a mhéid is féidir isteach i bpríomhshruth polaitiúil agus eacnamaíoch na hEorpa. Deimhníonn an Chomhairle Eorpach gurb é an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais croílár a beartais sna Balcáin. Áireofar ar Chomhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais cúnamh agus comhar eacnamaíoch agus airgeadais, idirphlé polaitiúil, comhfhogasú le reachtaíocht an Aontais, comhar i réimsí beartas eile agus saorthrádáil. Ba cheart léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach a bheith ann roimh na Comhaontuithe sin. Tá an Chomhairle ag tathant ar thíortha an réigiúin oibriú le chéile agus leis an Aontas chun go mbeadh rath ar an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais.'

2 Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive

3 2023 Communication new Growth Plan for the Western Balkans - European Commission

4 Rialachán (AE) 2024/823 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá nasctha leis (códú) IO L, 2024/823, 6.3.2024.

Mar aon le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin, is cosúil go bhfuil sé iomchuí leasuithe a mholadh chun soiléireacht a thabhairt isteach maidir lena rialacha maidir le sochair a chur ar fionraí nó sochair a chur ar fionraí go sealadach. Foráiltear leis an Rialachán maidir le dhá chur chuige éagsúil i gcás neamh-chomhlíontacht tairbhí lena oibleagáid faoi na pointí (a), (b) nó (c) d'Airteagal 2(1): D'fhéadfadh an tAontas sochair a chur ar fionraí faoi Airteagal 2(3) nó sochair a chur ar fionraí go sealadach faoi Airteagal 10. Thairis sin, in Airteagal 10, déantar foráil sa Rialachán maidir le fionraí shealadach i gcás go bhfuil easpa comhar riaracháin ann chun an cruthúnas tionscnaimh a fhíorú, cineál neamh-chomhlíontachta ag an bpáirtí is tairbhí a chumhdaítear faoi Airteagal 2(1)(c) cheana, agus in aon chás a dhealraíonn a bheith níos oiriúnaí d'fhionraíocht faoi Airteagal 2(3).

Ar mhaithe le deireadh a chur leis an éiginnteacht dhlíthiúil a chruthaigh na rialacha sin, tá sé beartaithe an neamh-chomhlíontacht le hAirteagal 2(1), (a), (b) nó (c) a scriosadh ó Airteagal 10, agus Airteagal 2(3) a choinneáil mar an sásra aonair atá i bhfeidhm maidir le sochair a chur ar fionraí de dheasca neamh-chomhlíontacht le hAirteagal 2(1), (a), (b) nó (c). Tá sé beartaithe, freisin, na gnéithe a bhaineann le heaspa comhar riaracháin chun an cruthúnas tionscnaimh a fhíorú a scriosadh ó Airteagal 10 ós rud é go gcumhdaítear an cineál sin neamh-chomhlíontachta in Airteagal 2(1)(c). Bheadh an córas fionraí seo a leanas mar thoradh ar an leasú atá beartaithe:

– d'fhéadfaí na sochair faoi Airteagal 2(3) a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, de dheasca neamh-chomhlíontacht le hAirteagal 2(1), (a), (b) nó (c), nó Airteagal 2(2);

– d'fhéadfaí na sochair faoi Airteagal 2(4) nua a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, de dheasca neamh-chomhlíontacht le hAirteagal 2(1)(d), de bhun Airteagal 6; agus

– d'fhéadfaí iad a chur ar fionraí go sealadach faoi Airteagal 10 i gcás go bhfuil fianaise leordhóthanach ann go ndearnadh calaois nó go bhfuil méadú ollmhór ar onnmhairí isteach san Aontas thar an ngnáthleibhéal táirgeachta agus thar an ngnáth-acmhainn onnmhairiúcháin.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe an dara fomhír d'Airteagal 2(2) a scriosadh, ós rud é go dtagraíonn sí do phróiseas institiúideach a imíonn as an ngnáthnós imeachta reachtach a bhfuil feidhm aige maidir le hAirteagal 207 CFAE.

Ar deireadh, tá tagairtí áirithe atá imithe i léig do lamháltas trádála éisc atá fós ann in Airteagal 3(2) den Rialachán. Tá na tagairtí sin ann ón tráth a bhí taraif-chuótaí maidir le hiascaigh san áireamh ar na BTUnna. Mar sin féin, de réir a chéile tá siad éirithe neamhábhartha ós rud é gur aistríodh rialáil na gcuótaí sin le haghaidh na dtíortha uile is tairbhithe chuig na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais déthaobhacha faoi seach. Ar deireadh stop siad de bheith ábhartha tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv an 1 Aibreán 2016, arbh é an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais deireanach é le teacht i bhfeidhm. Dá réir sin, ba cheart na tagairtí do mhargaidh iascaigh agus do tháirgí iascaigh in Airteagal 3(2) a bhaint ó na BTUnna.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach leis na CCCanna agus go háirithe leis na Teidil IV díobh faoi seach, lena bhforáiltear go mbunóidh na Páirtithe limistéar saorthrádála de réir a chéile. Chuir na bearta le fairsingiú na trádála comhiomláine idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, trádáil a raibh luach breis agus EUR 82 billiún léi in 2023. Is é an tAontas an

comhpháirtí trádála is mó de chuid na mBalcán Thiar, agus é i gceist le níos mó ná 80 % de mhéid iomlán onnmhairí an réigiúin agus beagnach 59 % dá allmhairí.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach leis an Plean Fáis Nua do na Balcáin Thiar, arb é is aidhm dó lánpháirtiú eacnamaíoch na gcomhpháirtithe ó na Balcáin Thiar le margadh aonair an Aontais a fheabhsú agus dlús a chur lena gcóineasú socheacnamaíoch leis an Aontas. I gcás tíortha atá ar chonair an aontachais leis an Aontas, d'fhéadfadh tairbhí a bheith inbhraite ag na saoránaigh iad féin dá mbeadh comhlachas níos dlúithe le margadh aonair an Aontais ann.

Luaitear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú i mí na Nollag 2024 go bhfuil '*an Chomhairle tiomanta i gcónaí na comhpháirtithe a thabhairt níos gaire don Aontas, an bealach a réiteach le haghaidh aontachais, agus tairbhí nithiúla a thabhairt do shaoránaigh na gcomhpháirtithe fiú le linn phróiseas an mhéadaithe*' agus go '*leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt ar gach leibhéal do chlaochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta na gcomhpháirtithe, bunaithe ar dhul chun cinn nithiúil maidir leis an smacht reachta agus le hathchóirithe socheacnamaíocha, agus ar a mhéid a chloífidh na comhpháirtithe le luachanna, rialacha agus caighdeáin an Aontais*'[5].

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an togra.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an comhbheartas tráchtála le hinniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh, de bhun Airteagal 3(1)(e) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá sé léirithe go raibh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar na tíortha is tairbhithe trí chur lena bhforbairt eacnamaíoch, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí láidre a bhunú idir gnólachtaí an Aontais agus táirgeoirí áitiúla i réigiún na mBalcán Thiar. Meastar, mar sin, gurb é an togra chun na bearta a fhadú ar feadh cúig bliana eile an cur chuige is oiriúnaí chun forbairt eacnamaíoch leanúnach chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a áirithiú, fad a seachnaítear próiseas an-fhada agus ilchasta maidir le gach comhaontú déthaobhach trádála aonair a leasú mar chuid de na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán de bhun Airteagal 207(2) CFAE, is í an uirlis iomchuí í chun síneadh a chur le fabhair thrádála neamh-chómhalartacha.

[5] an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 17 Nollaig 2024. https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16983-2024-INIT/ga/pdf.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

De bharr raon feidhme an-teoranta na mbeart ní dhearnadh aon mheastóireacht ex post fhoirmiúil.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níor tharla aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ach tá suim leanúnach léirithe d'aon toil acu i leanúint de na bearta i measc na bpáirtithe leasmhara agus, san am céanna, ní dhearna oibreoirí eacnamaíocha na hEorpa aon agóid trí na hardáin chumarsáide éagsúla a bhunaigh ranna an Choimisiúin le haghaidh thionscal an Aontais.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Tá na bearta atá beartaithe i bhfeidhm le beagnach 25 bliana, ach tá laghdú mór orthu toisc go ndearnadh an chuid is mó de na fabhair a chomhtháthú sna Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais aonair idir an tAontas agus na tairbhithe. Cé go bhfuil tionchar na mbeart teoranta, is léiriú láidir é fadú na mbeart sin ar ghealltanas an Aontais i dtaobh lánpháirtiú trádála na mBalcán Thiar. Chuideodh sé freisin le cobhsaíocht coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh a chinntiú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha sa réigiún agus san Aontas araon. Mura gcuirfear síneadh leis an Rialachán faoin 31 Nollaig 2025, bainfear rochtain ar an margadh léirscaoilte sin de na Balcáin Thiar, margadh le haghaidh príomhtháirgí talmhaíochta (torthaí agus glasraí) atá tábhachtach le haghaidh an réigiúin íogair sin. Tacaíonn sonraí leis sin lena léirítear go raibh leathnú de bhreis agus 125 % idir 2018 agus 2024 ar an trádáil chomhiomlán a chumhdaítear leis na bearta, ó EUR 60.5 milliún go EUR 137 milliún.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Toisc go bhfuil na bearta atá beartaithe i bhfeidhm le beagnach 25 bliain cheana, tá na tairbhithe go maith ar an eolas agus tá a fhios acu conas na coinníollachtaí a fhoráiltear sa Rialachán a chomhlíonadh. Ina theannta sin, rinneadh an Rialachán a chódú in 2024.

- **Cearta bunúsacha**

Chomhlíonfadh na bearta atá beartaithe na bunphrionsabail a chumhdaítear sna Chomhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais faoi seach. Go háirithe, thabharfaí urraim do phrionsabail dhaonlathacha, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha (Airteagal 3 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv, agus Airteagal 2 de na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais eile).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl coinne leis go mbeidh aon chostas breise i mbuiséad an Aontais mar gheall ar an Rialachán atá beartaithe. Freisin, ní mheastar go mbeidh tionchar buiséadach breise ag síneadh thréimhse chur i bhfeidhm an Rialachán ó thaobh ioncaim de le haghaidh bhliana an

tsínte atá beartaithe i gcomparáid le tionchar buiséadach na BTUnna a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhthéacs chruinnithe an fhochoiste atá ag tarlú faoi scáth na gComhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, bíonn faireachán agus tuarascáil ar an úsáid a bhaintear as fabhair dhéthaobhacha ar an gclár oibre go rialta sa phlé déthaobhach le comhpháirtithe na mBalcán Thiar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann an togra seo leis na leasuithe seo a leanas ar an Rialachán:

1) Ar mhaithe le deireadh a chur leis an gcoimhlint idir Airteagal 2(3) agus Airteagal 10 i ndáil leis na hiarmhairtí ar neamh-chomhlíontacht le hAirteagal 2(1), (a), (b) nó (c), agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú, tá sé beartaithe na cásanna sin de neamh-chomhlíontacht a scriosadh ó na cásanna a chumhdaítear le hAirteagal 10, agus Airteagal 2(3) a choinneáil mar an sásra aonair atá i bhfeidhm maidir le sochair a chur ar fionraí de dheasca neamh-chomhlíontacht le hAirteagal 2(1), (a), (b) nó (c).

2) Mar aon leis an leasú a mholtar thuas, is cosúil go bhfuil an neamh-chomhlíontacht a liostaítear in Airteagal 10 maidir le heaspa comhar riaracháin chun an cruthúnas tionscnaimh a fhíorú cumhdaithe faoi Airteagal 2(1)(c) cheana, agus in aon chás go bhfuil sí níos oiriúnaí d'fhionraíocht faoi Airteagal 2(3). I ndáil leis sin, moltar é a chur in Airteagal 2(1)(c).

3) Tá sé beartaithe an dara fomhír d'Airteagal 2(2) a scriosadh, ós rud é go dtagraíonn sí do phróiseas institiúideach a imíonn as an ngnáthnós imeachta reachtach a bhfuil feidhm aige maidir le hAirteagal 207 CFAE.

4) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Airteagal 2(4) nua a thabhairt isteach lena shonrú go bhféadfaí fabhair a chur ar fionraí mar thoradh ar neamh-chomhlíontacht le hAirteagal (2)(1)(d), de bhun Airteagal 6.

5) D'fhonn léiriú níos fearr a thabhairt ar a ábhar, ba cheart Airteagal 2 a athainmniú.

6) Ó áiríodh na fabhair aontaobhacha le haghaidh na Cosaive sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv, arbh é an Comhaontú deireanach é le teacht i bhfeidhm, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016, níl baint ag na fabhair thrádála uathrialacha le haon lamháltas iascaigh a thuilleadh. Ar mhaithe le soiléireacht, dá bhrí sin, tá sé beartaithe aon tagairt atá fós ann agus atá imithe i léig do mhargaí iascaigh agus do tháirgí iascaigh in Airteagal 3(2) a bhaint.

7) Tá sé beartaithe síneadh a chur le fad chur i bhfeidhm an Rialacháin go dtí an 31 Nollaig 2030.

2025/0108 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/823 an 28 Feabhra 2024 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá bainteach leis

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/823 ón gComhairle[1], bunaítear córas maidir le bearta trádála uathrialacha (BTUnna) idir an tAontas agus tíortha agus críocha na mBalcán Thiar trí tháirgí talmhaíochta áirithe de thionscnamh na mBalcán Thiar a dhíolmhú ó dhleachtanna custaim agus na muirir chomhéifeachta agus trí rochtain ar tharaif-cuóta iomlán a chur ar fáil do tháirgí fíona áirithe de thionscnamh na mBalcán Thiar.

(2) Cumhdaítear leis na BTUnna atá ann faoi láthair dhá thairbhe atá fós ann: ar an gcéad dul síos, fionraíocht na ndleachtanna sonracha le haghaidh gach toradh agus glasra atá faoi réir chóras an phraghais iontrála, agus ar an dara dul síos, an rochtain ar tharaif-chuóta iomlán d'fhíon atá ar fáil ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce a luaithe atá an cuóta náisiúnta ídithe ag tíortha na mBalcán Thiar ina gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais féin. D'ainneoin raon feidhme teoranta na BTUnna, tá siad tábhachtach go fóill. Rachaidh Rialachán (AE) 2024/823 in éag an 31 Nollaig 2025 áfach.

(3) Is tacaíocht luachmhar é an córas de BTUnna do gheilleagair chomhpháirtithe na mBalcán Thiar, agus ní chruthaíonn sé éifeachtaí diúltacha don Aontas.

(4) Dá bhrí sin ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do gheilleagair leochaileacha an réigiúin trí shíneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/823 ar feadh 5 bliana eile. Léiríonn fadú na tréimhse ina gcuirfear Rialachán (AE) Uimh. 2024/823 gealltanas láidir an Aontais i dtaobh lánpháirtiú trádála na mBalcán Thiar a ráthú.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialachán (AE) 2024/823 go dtí an 31 Nollaig 2030.

[1] Rialachán (AE) 2024/823 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá nasctha leis (IO L, 2024/823, 6.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/823/oj).

(6) Tréimhse chur i bhfeidhm na BTUnna, tá sé comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(7) Tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv[3], an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais deireanach a tháinig i bhfeidhm, ba cheart tagairtí do lamháltais trádála in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2024/823 a scriosadh ós rud é gur aistríodh na cuótaí sin le haghaidh na dtíortha uile is tairbhithe chuig na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais déthaobhacha faoi seach.

(8) Tá forluí ann idir Airteagal 2(3) agus Airteagal (10) de Rialachán (AE) 2024/823 ón gComhairle, rud a fhágann go bhfuil sásraí contrártha ann maidir le sochair a chur ar fionraí, rud ar cheart aghaidh a thabhairt air chun cinnteacht dhlíthiúil a chruthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/823 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Coinníollacha maidir le teidlíocht i leith na socruithe fabhracha agus maidir leis an bhfionraíocht lena mbaineann’;

(b) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) rannpháirtíocht na bpáirtithe is tairbhithe i gcomhoibriú riaracháin éifeachtach leis an Aontas, lena n-áirítear de réir mar is gá chun cruthúnas tionscnaimh a fhíorú, chun aon riosca calaoise a sheachaint; agus’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(2):

‘Gan dochar do na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, beidh teidlíocht chun tairbhe a bhaint as na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1 faoi réir a mhéid a bheidh na páirtithe is tairbhithe ullamh dul i mbun athchóirithe eacnamaíocha éifeachtacha agus i gcomhar réigiúnach le tíortha eile atá rannpháirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, go háirithe trí limistéir shaorthrádála a bhunú i gcomhréir le hAirteagal XXIV de CGTT 1994 agus le forálacha ábhartha eile EDT.’;

(d) Cuirtear isteach Airteagal 2(4):

‘I gcás neamh-chomhlíonadh mhír 1, pointe (d) ag páirtí is tairbhí, féadfaidh an Coimisiún an teidlíocht chun tairbhí atá ag an bpáirtí is tairbhí lena mbaineann faoin Rialachán seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, de bhun Airteagal 6.’

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(2):

‘2. D’ainneoin forálacha eile de chuid an Rialacháin seo, go háirithe Airteagal 10, i bhfianaise íogaireacht ar leith na margaí talmhaíochta, i gcás ina bhfuil allmhairí

[2] Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú (IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj).

[3] Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

táirgí talmhaíochta ina gcúis le suaitheadh tromchúiseach do mhargaí an Aontais agus dá sásraí rialála, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta iomchuí a ghlacadh. ‘Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(3).’

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘*Airteagal 10*

Bearta fionraíochta shealadaí eile

1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann go ndearnadh calaois, nó go bhfuil méadú ollmhór ar allmhairí isteach san Aontas thar an ngnáthleibhéal táirgthe agus thar an ngnáth-acmhainn onnmhairiúcháin, féadfaidh sé bearta a dhéanamh chun na socruithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, ar feadh tréimhse 3 mhí, ar choinníoll go mbeidh an méid seo a leanas déanta i dtosach báire aige:

(a) Coiste Cur Chun Feidhme na mBalcán Thiar a chur ar an eolas;

(b) iarraidh ar na Ballstáit na bearta réamhchúraim is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint nó chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na páirtithe is tairbhithe Airteagal 2(1);

(c) fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* lena gcuirfear in iúl go bhfuil forais le hamhras réasúnach a bheith ann maidir leis na socruithe fabhracha a bheith curtha i bhfeidhm nó le comhlíontacht an pháirtí is tairbhí lena mbaineann le hAirteagal 2(1), ar forais iad a d’fhéadfadh amhras a chaitheamh ar an gceart atá ag an bpáirtí is tairbhí leanúint de leas a bhaint as na tairbhí a dheonaítear leis an Rialachán seo.

Is trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(3).

2. Ar thréimhse na fionraí a bheith críochnaithe, cinnfidh an Coimisiún i dtaobh cibé an ndéanfar an beart sealadach fionraí a fhoirceannadh nó an ndéanfar an beart fionraí a fhadú i gcomhréir le mír 1.’

4. In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2030.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD

1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/823 an 28 Feabhra 2024 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá bainteach leis

2. LÍNTE BUISÉID:

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann (2025): EUR 21 082 004 566

(i gcás ioncaim shannta amháin):

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

3. TIONCHAR AIRGEADAIS

■ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)

Líne ioncaim	An tionchar ar ioncam[12]	Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb *(más infheidhme)*	Bliain N
Caibidil/Airteagal/Ítim …			
Caibidil/Airteagal/Ítim …			

Staid tar éis na gníomhaíochta					
Líne ioncaim	[N+1]	[N+2]	[N+3]	[N+4]	[N+5]

[1] Is gá gur meastachán atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5 iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n-íoctar an méid bliantúil gan laghdú nó pro rata.

[2] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

Caibidil/Airteagal/Ítim …					
Caibidil/Airteagal/Ítim …					

(I gcás ioncaim shannta amháin, ar choinníoll gur fios an líne bhuiséid cheana féin):

Líne chaiteachais[3]	Bliain N	Bliain N+1
Caibidil/Airteagal/Ítim …		
Caibidil/Airteagal/Ítim …		

Líne chaiteachais	[N+2]	[N+3]	[N+4]	[N+5]
Caibidil/Airteagal/Ítim …				
Caibidil/Airteagal/Ítim …				

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

5. BARÚLACHA EILE

Ní bheidh aon chostas breise (caiteachas) i mbuiséad an Aontais mar gheall ar an Rialachán atá beartaithe.

Níl tionchar buiséadach breise ag síneadh na BTUnna (2026-2030) ó thaobh ioncaim de le haghaidh bhliana an tsínte atá beartaithe i gcomparáid le tionchar buiséadach na BTUnna a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

Aon ioncam atá ligthe thar ceal arna thabhú faoi fhadú na BTUnna, ní féidir é a mheas mar chaillteanas ioncaim ó tharaifí ós rud é nár measadh an t-ioncam sin ó bhí 2000 ann, nuair a glacadh an chéad Bheart Trádála Uathrialach.

[3] Le húsáid más gá, agus sa chás sin amháin.